

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARHTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE**

**RÁITIS AIRGEADAIS**

**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2018**

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARHTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE  
RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2018**

<b>Clár Ábhair</b>	<b>Leathanach</b>
Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide	1
Ráiteas faoi Rialú Immheánach	2-3
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	4-5
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	6
An Ráiteas ar Athruithe ar an gCuntas Cúlchistí agus Caipitil	7
An Ráiteas ar an Staid Airgeadais	8
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	9
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	10-28

## INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ NA hINSTITIÚIDE

Faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006, ceanglaítear ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tÚdarás um Ard-Oideachas agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici, ceanglaítear ar an Institiúid an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil an bonn sin míchuí
- Aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Institiúid freagrach as leabhair chuntais iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006. Tá an Institiúid freagrach chomh maith as a cuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Chathaoirleach

31 Deireadh Fómhair 2019

Dáta



Uachtarán

31 Deireadh Fómhair 2019

Dáta

# **INSTITIÚID EALAÍNE, DEARHTHA AGUSTEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH**

## **Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh**

Thar ceann an Chomhlachta Rialaithe, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choimeád agus a fheidhmiú.

Ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnta, nach dearbhú iomlán é, a sholáthar go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thairfeadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad i dtréimhse thráthúil.

## **Príomhnósanna Imeachta Rialaithe**

Tá céimeanna glactha ag an gComhlacht Rialaithe chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm mar seo a leanas:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir
- Próisis a bhunú chun rioscaí a shainiú agus meastóireacht a dhéanamh ar a n-impleachtaí airgeadais
- Fochoiste Iniúcháireachta a bhunú a bhfuil téarmaí tagartha soiléire aige
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí fheidhmeanna coiste éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun a sócmhainní a chosaint
- Cultúr cuntasachta láidir a fhorbairt ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat um fhaisnéis rialta ar fáil don bhainistíocht, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas, agus ar chóras tarmlichte agus cuntasachta. Áirítear go háirithe leis:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach, arna tharmligean nuair is cuí, chun bainistiú agus rialú a dhéanamh ar an Leithdháileadh Bliantúil arna dheonú ag an Údarás um Ard-Oideachas agus ar ioncam agus chaiteachas eile
- Córais faisnéis bhainistíochta i dtaca leis an mbainistíocht airgeadais, le taifid agus bainistíocht acmhainní daonna, le faisnéis leabharlainne, le taifead mac léinn, agus leis an riarachán acadúil agus le faisnéis um shocrúithe amhláir. Cuirtear faisnéis ar fáil leis na córais seo lena mbeifear in ann comparáidí a dhéanamh idir na torthaí iarbhair agus na torthaí atá réamhaiste i mbuiséad.
- Córas leithdháilte acmhainní
- Córas um bainistíocht ar riosca lena ndéanfar tuairiscí agus athbhreithnithe go rialta
- Athbhreithnithe rialta ag an gComhlacht Rialaithe ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais os coinne meastachán
- Spriocanna a leagadh síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- Comhairle Acadúil a thuiriscíonn don gComhlacht Rialaithe
- Creat Cáilíochta Acadúil lena n-áireofar próisis agus treoracha rialaithe acadúla agus cáilíochta agus iad sainmhínte go soiléir
- Treoirínte rialaithe infheistíochta caipitil atá sainithe go soiléir
- Rialúcháin fhoirmiúla um bainistíocht tionscadal.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh sheachfhoinsithe ag an Institiúid a fheidhmítear de réir an Chóid Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann. Treoraítear obair na hiniúcháireachta inmheánaí tríd anailís ar an riosca a nochtar an comhlacht dó agus bíonn na pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís sin. Formhuiníonn agus faomhann Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Chomhlachta Rialaithe an anailís riosca agus na pleananna iniúcháireachta inmheánaí. Ar a laghad uair sa bhliain, cuireann na hIniúcháirí Inmheánacha tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí ar fáil Choiste Iniúcháireachta agus Riosca an Chomhlachta Rialaithe. Tugtar chun solais sna tuarascálacha

## **INSTITIÚID EALAÍNE, DEARHTHA AGUSTEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH**

seo easnaimh nó laigí atá sa chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais agus na bearta ceartaithe a mholtar a ghlacadh, sa chás gur cuí. Tugtar tuairiscí rialta don Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Chomhlachta Rialaithe ar stádas na saincheisteanna a thugtar chun solais.

Ghlac an Comhlacht Rialaithe le Cód Rialachais THEA d'Institiúidí Teicneolaíochta 2018 ag a chruinniú an 10 Eanáir 2018 agus tá sé ag obair i dtreo chomhlíonadh chóid seo a bhaint amach faoin 31 Lúnasa 2019. Leagtar amach sa chód na ceanglais shonracha maidir le nochtadh airgeadais, atá léirithe sna ráitis airgeadais seachas na ceanglais tuairiscithe a bhaineann le luach saothair, a bhfuil sonraí iomlána air léirithe i Nóta 9 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Faigheann monatóireacht agus athbhreithniú an Chomhlachta Rialaithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh treoir ó obair an Iniúcháir Inmheánaigh, ó Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Chomhlachta Rialaithe a mhaoirsíonn obair na nIniúcháirí Inmheánacha, ón mBord Feidhmiúcháin atá freagrach as an gceart rialála airgeadais a fhorbairt agus a chaomhnú, agus ó na barúlacha a thugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste le fios ina chuid litreacha bainistíochta agus i dtuarascálacha eile.

### **Athbhreithniú Bliantúil ar Rialú**

Déanann Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Chomhlachta Rialaithe athbhreithniú ar na rialuithe oibriúcháin inmheánacha atá i bhfeidhm san Institiúid agus tuairiscíonn an Coiste maidir leo agus tríd an struchtúr Iniúchta Inmheánaigh is féidir a dheimhniú go bhfuil réim rialaithe oiriúnach i gcrích laistigh den Institiúid.

Ar an 7 Deireadh Fómhair 2018, thuiriscigh Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Chomhlachta Rialaithe don Chomhlacht Rialaithe maidir leis na bearta a rinne sé sa bhliain dar chríoch an 31 Lúnasa 2018. Deimhnímid go ndearna an Comhlacht Rialaithe athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialuithe inmheánaigh don bhliain dar chríoch an 31 Lúnasa 2018 ar an 7 Deireadh Fómhair 2018.



Cathaoirleach

31 Deireadh Fómhair 2019

Dáta



Uachtarán

31 Deireadh Fómhair 2019

Dáta



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

### Report for presentation to the Houses of the Oireachtas Dun Laoghaire Institute of Art, Design and Technology

#### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of Dun Laoghaire Institute of Art, Design and Technology for the year ended 31 August 2018 as required under the provisions of the Institutes of Technology Acts 1992 to 2006. The financial statements comprise

- the statement of comprehensive income
- the statement of changes in reserves and capital account
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Institute at 31 August 2018 and of its income and expenditure for the year then ended in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Institute and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

#### Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Institute has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the statement of Institute's responsibilities and the statement on internal control.

My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in regard to those matters.

Patricia Sheehan  
For and on behalf of the  
Comptroller and Auditor General

1 November 2019

## Appendix to the report

### Responsibilities of Governing Body members

The members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under Institutes of Technology Acts 1992 to 2006
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under the Institutes of Technology Acts 1992 to 2006 to audit the financial statements of the Institute and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Institute's ability to continue as a

going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Institute to cease to continue as a going concern.

- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

### Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

### Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to bodies in receipt of substantial funding from the State in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them. I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.


**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHÁ AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE  
AN RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN  
31 LÚNASA, 2018**

	<b>Notaí</b>	<b>2018 €000</b>	<b>2017 €000</b>
<b>IONCAM</b>			
Deontas Stáit	3	8,286	8,718
Táille Teagaisc	4	8,885	8,414
Amúchadh an Dheontas Chaipitil Iarchurtha	17	1,813	1,697
Deontais agus Conarthaí Taighde	5	466	711
Ioncam aitheanta um Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn	6	267	272
Ioncam ó Ús		19	21
Cistiú Pinsin Iarchurtha	10	4,868	4,222
Ioncam Eile	7	<u>1,235</u>	<u>1,006</u>
		<u>25,839</u>	<u>25,061</u>
<b>CAITEACHAS</b>			
Costais Foirne	9	14,768	13,474
Costas Sochar Scoir	10	4,868	4,222
Costais Oibriúcháin Eile	12	5,048	4,300
Dímheas	14	<u>1,813</u>	<u>1,697</u>
		<u>26,497</u>	<u>23,693</u>
<b>BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN</b>		<u>(658)</u>	<u>1,368</u>
<b>GNÓTHACHAIN ACHTÚIREACHA</b>			
Cailteanas Taithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir	10	(1,190)	0
Laghduithe ar Dhliteanais Phinsin a d'eascair as Scoir i rith na Bliana	10	626	0
Athruithe ar Thoirneanna atá mar bhonn agus taca le			
Luach Reatha Dualgais Sochair Scoir	10	<u>(337)</u>	<u>1,353</u>
<b>GNÓTHACHAIN ACHTÚIREACHA SA BHLIAIN</b>		<u>(901)</u>	<u>1,353</u>
<b>COIGEARTÚ AR MHAOINIÚ UM SHOCHAIR SCOIR IARCHURTHA</b>	10	<u>901</u>	<u>(1,353)</u>
<b>IONCAM CUIMSITHE</b>		<u>(658)</u>	<u>1,368</u>

Áirítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach na gnóthachain agus na cailteanais go léir a huairiscítear don bhliain.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 go dtí 24.

Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:



Cathaoirleach

31 Deireadh Fómhair 2019

Dáta



Uachtarán

31 Deireadh Fómhair 2019

Dáta



**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARHTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE  
AN RÁITEAS AR ATHRUITHE AR AN GCUNTAS CÚLCHISTÍ AGUS CAIPITIL DON  
BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2018**

	<b>Cuntas Caipitil €000</b>	<b>Cúlchiste Forbartha Caipitil €000</b>	<b>Cúlchiste Ioncaim €000</b>	<b>Iomlán €000</b>
<b>AN 1 MEÁN FÓMHAIR 2016</b>	<u>41,077</u>	<u>1,626</u>	<u>5,628</u>	<u>48,331</u>
Oibriúcháin Barrachas	0	0	1,368	1,368
Leithdháilte ón Deontas Athfhillteach	6	0	0	6
Leithdháilte ón Deontas do Mhionoireacha	367	0	0	367
Leithdháilte ó Ioncam ó Thionscadail	18	0	0	18
Amúchadh ar aon dul le Dímhéas Sócmhainní	(1,697)	0	0	(1,697)
Aistriú idir Chúlchistí	<u>0</u>	<u>(1,626)</u>	<u>1,626</u>	<u>0</u>
<b>GLUAISEACHT DON BHLIAIN</b>	<u>(1,306)</u>	<u>(1,626)</u>	<u>2,994</u>	<u>62</u>
<b>AN 31 LÚNASA 2017</b>	<u>39,771</u>	<u>0</u>	<u>8,622</u>	<u>48,393</u>
Oibriúcháin Easnamh	0	0	(658)	(658)
Leithdháilte ón Deontas Athfhillteach	671	0	0	671
Leithdháilte ón Deontas do Mhionoireacha	571	0	0	571
Leithdháilte ó Ioncam ó Thionscadail	0	0	0	0
Amúchadh ar aon dul le Dímhéas Sócmhainní	(1,813)	0	0	(1,813)
Aistriú idir Chúlchistí	<u>0</u>	<u>4,000</u>	<u>(4,000)</u>	<u>0</u>
<b>GLUAISEACHT DON BHLIAIN</b>	<u>(571)</u>	<u>4,000</u>	<u>(4,658)</u>	<u>(1,229)</u>
<b>AN 31 LÚNASA 2018</b>	<u>39,200</u>	<u>4,000</u>	<u>3,964</u>	<u>47,164</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 go dtí 24.

Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:



Cathaoirleach

31 Deireadh Fómhair 2019  
Dáta



Uachtarán

31 Deireadh Fómhair 2019  
Dáta

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARHTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE  
AN RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 LÚNASA, 2018**

	Notaí	2018 €000	2017 €000
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>			
Maoin, Gléasra agus Trealamh	14	<u>39,200</u>	<u>39,771</u>
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Infháltais	15	515	426
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		<u>9,074</u>	<u>9,791</u>
		9,589	10,217
<b>NITHE INÍOCHTA</b>			
Suimeanna atá dlite laistigh de Bhliain amháin	16	<u>(1,625)</u>	<u>(1,595)</u>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>		<u>7,964</u>	<u>8,622</u>
<b>SOCHAIR SCOIR</b>			
Chomaoin um Shocair Scoir	10	(72,548)	(66,115)
Sócmhainn Maoinithe um Shocair Scoir Iarchurtha	10	<u>72,548</u>	<u>66,115</u>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ</b>		<u><u>47,164</u></u>	<u><u>48,393</u></u>
<b>ARNA LÉIRIÚ AG</b>			
Cuntas Caipitil	17	39,200	39,771
Cúlchiste Forbartha Caipitiúla	18	4,000	0
Cúlchiste Ioncaim		<u>3,964</u>	<u>8,622</u>
		<u><u>47,164</u></u>	<u><u>48,393</u></u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 go dtí 24.

Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:



Cathaoirleach

31 Deireadh Fómhair 2019

Dáta



Uachtarán

31 Deireadh Fómhair 2019

Dáta

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARHTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE  
AN RÁITEAS AR SHREAFÁÍ AIRGID THIRIM AMHAIL AN 31 LÚNASA, 2018**

	<b>2018</b>	<b>2017</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
<b>GLANSREABHADH AIRGID THIRIM ÓGHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN</b>		
Barrachas Oibriúcháin	(658)	1,368
Ioncam Úis	(19)	(21)
Dímheas	1,813	1,697
Amúchadh ar Dheontais Chaipitil Iarchurtha	(1,813)	(1,697)
Laghdú ar Fhéichiúnaithe	(86)	706
Méadú ar Chreidiúnaithe	<u>30</u>	<u>(123)</u>
<b>GLANSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN</b>	<u>(733)</u>	<u>1,930</u>
<b>SREAFÁÍ AIRGID Ó GNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS</b>		
Ús Faighte	<u>16</u>	<u>18</u>
<b>SREAFÁÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINITHE</b>		
Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a shealbhú	<u>1,242)</u>	<u>(391)</u>
<b>SREAFÁÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTITHE</b>		
Deontais Atréimhseacha Stát a chaitear ar Mhaoin, Gléasra agus Trealamh	671	6
Deontas Mionoibreacha Stáit a chaitear ar Mhaoin, Gléasra agus Trealamh	571	367
Cistí Eile caite a chaitear ar Mhaoin, Gléasra agus Trealamh	<u>0</u>	<u>18</u>
<b>GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó MHAOINIÚ</b>	<u>1,242</u>	<u>391</u>
<b>GLANMHÉADÚ AR AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM</b>	(717)	1,948
<b>AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM AN 1 MEÁN FÓMHAIR</b>	<u>9,791</u>	<u>7,843</u>
<b>AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM AN 31 LÚNASA</b>	<u><u>9,074</u></u>	<u><u>9,791</u></u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 go dtí 24.

Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:



Cathaoirleach

31 Deireadh Fómhair 2019

Dáta



Uachtarán

31 Deireadh Fómhair 2019

Dáta

# INSTITIÚID EALAÍNE, DEARHTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2018

## 1. BEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA

Tugtar achoimre thíos ar na beartais chuntasaíochta, a mheastar atá ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir i gcaitheamh na bliana agus don bhliain roimhe sin.

### (a) Faisnéis Ghinearálta agus an Ráiteas Comhlíonta

Is iad príomhchuspóirí na hInstitiúide chun oideachas tríú leibhéal agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile a sholáthar.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, agus a d'fhógair Cuntasóirí Cairte in Éirinn lena úsáid in Éirinn agus i gcomhréir le riachtanais an Údaráis um Ard-Oideachas.

Meastar gurb é an t-airgeadra feidhmeach d'Institiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT) an Euro mar gheall gurb é airgeadra na príomhthimpeallachta geilleagraí ina n-oibríonn an Institiúid. Cuirtear aon airgeadraí eachtracha san áireamh i gcomhréir leis na beartais a leagtar amach thíos.

### (b) Maoin, Gléasra agus Trealamh

#### i) Talamh agus Foirgnimh

Luaítear Talamh agus Foirgnimh ar a gcostas, glan ar dhímheas agus aon soláthar a dhéantar do lagú. Soláthraítear dímheas ar gach talamh agus foirgneamh, seachas maoin infheistíocht agus talamh ruílse, ar rátaí a ríomhtar chun an costas nó an luacháil a dhíscríobh, lúide luach iarmharach, gach sócmhainne ar bhonn líne díri i gcaitheamh a saol ionchasach úsáide, mar seo a leanas:

<b>Catagóir de Shócmhainn</b>	<b>Blianta</b>
Foirgnimh Ruílse	50 bliain

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair i ndiaidh sócmhainn a dhiúscairt, i ndiaidh costais mheasta diúscairthe a asbhaint, má bhí aois bainte amach ag an tsócmhainn cheana féin agus má bhí an bhail uirthi a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáide.

#### ii) Trealamh

Ón 1 Meán Fómhair 2009, díscríobhtar trealamh agus bogearraí agus crua-earraí ríomhaire a chosnaíonn níos lú ná €3,000 in aghaidh an earra aonair ón gcuntas ioncaim agus caiteachais i mbliain na fála. Déantar an trealamh go léir eile a chaipitliú ar chostas. Dímheastar trealamh caipitlithe thar a shaolré gheilleagrach úsáide mar seo a leanas:

<b>Catagóir Shócmhainne</b>	<b>Bliain</b>
Foirgnimh réamhdhéanta, Daingneáin agus Feistis	10
Crua-Earraí agus Bogearraí Ríomhaire	3
Troscán agus Trealamh	5

Dímheastar an trealamh go léir a chistítear ó Dheontais agus Conarthaí Taighde thar shaolré na sócmhainní ar aon dul leis an mbeartas do gach sócmhainn sheasta eile.

ar leanúint....

# INSTITIÚID EALAÍNE, DEARHTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2018

## 1. BEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA (ar leanúint)

### (c) Cánachas

Mar charthanas díolmhaithe, níl an Institiúid faoi dhliteanas íoc as cáin chorparáide ná cáin ioncaim ar aon chinn dá gníomhaíochtaí carthanúla. Tá sí cláraithe do cháin bhreisluacha (CBL), ach mar gheall gur gníomhaíocht dhíolmhaithe soláthar oideachais nach ngearrtar aon cháin aschuir air, ní féidir leis an Institiúid cáin ionchuir a aisghabháil ar thromlach a ceannaigh. Tagann gníomhaíochtaí áirithe taighde agus tráchtála laistigh den Institiúid laistigh de scóip an CBL agus aisíocann an Institiúid aon cháin ionchuir nó aschuir a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo leis na Coimisinéirí Ioncaim.

### (d) Ioncam a Aithint

#### i) Deontais Stáit

Aithnítear deontais athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfuil siad infhaighte.

Déantar deontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí eile maidir le maoin, gléasra agus trealamh a fháil nó a thógáil a chur do shochar an chuntais chaipitil agus amúchtar iad ar aon dul le dímhéas thar shaolré na sócmhainní.

Thug an tAire Oideachais agus Scileanna scéim Mionoibreacha Caipitil isteach chun freagracht a dhéabhlóidiú don Institiúid as oibreacha samhraidh agus caipitil eile. I ngach cás, aithnítear an cistiú seo sa tréimhse ina bhfaightear é.

#### ii) Ioncam ó Tháillí

Cuirtear Ioncam ó Tháillí i gcuntas ar bhonn fabhrúithe.

#### iii) Deontais agus Conarthaí Taighde

Déantar ioncam ó dheontais agus conarthaí taighde a mheaitseáil do chaiteachas agus áirítear é in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar. Is iad na haicmí siúd coitianta de hidirbhearta siúd:

- **Tabhartais nach bhfuil aon Srianta orthu**

Áirítear le tabhartais nach bhfuil aon srianta orthu suimeanna a tugadh don Institiúid trí airgead tirim nó sócmhainn nach bhfuil aon srian orthu maidir le conas ar cheart an tabhartas a úsáid. Cuirtear na tabhartais siúd i gcuntas sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ar theidlíocht don ioncam.

- **Tabhartais a bhfuil Srianta orthu**

Cuirtear tabhartais a bhfuil srianta orthu i gcuntas sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ar theidlíocht don ioncam. Coimeádtar an t-ioncam srianta sa chúlchistí atá srianta go sealadach go dtí an tráth sin go dtabhaítear an caiteachas i gcomhréir leis na srianta.

- **Deontais Taighde ó Fhoinsí Neamh-Rialtais**

Aithnítear ioncam ó dheontais ó fhoinsí neamh-rialtais sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a chomhlíontar coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Má chuirtear srian ar úsáid ach murab ann d'aon choinníoll a bhaineann le feidhmíocht, cuirtear an t-ioncam i gcuntas sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a bhíonn an Institiúid i dteideal don ioncam.

ar leanúint....

# INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHÁ AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASÁ, 2018

## 1. BEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA (ar leanúint)

### • Deontais Taighde ó Fhoinsí Neamh-Rialtais (ar leanúint)

Coimeádtar deontais a bhfuil coinníollacha acu a bhaineann le feidhmíocht nár comhlíonadh mar ioncam iarchurtha go dtí an tráth sin a chomhlíontar na coinníollacha, agus cuirtear an t-ioncam i gcuntas, ag an tráth sin, sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Cuirtear deontais a bhfuil srianta orthu i gcuntas laistigh den Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ar theidlíocht don ioncam agus coimeádtar iad, ina dhiaidh sin, laistigh de chúlchiste srianta go dtí an tráth sin a thabhaítear ar aon dul leis an srian.

### iv) Ioncam ó Éarlaisí Gearrthéarmacha

Cuirtear an t-ioncam go léir ó éarlaisí gearrthéarmacha do shochar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach sa tréimhse a thuilltear é.

### (e) Sochair Fostaithe

#### i) Sochair Scoir

Is de réir scéim pinsin sochair sainithe ar bunaíodh í faoi Scéim Aoisliúntais Earnáil an Oideachais 2015 a bhronntar teidlíochtaí pinsin ar bhaill foirne ar earcaíodh iad roimh an 1 Eanáir 2013. Is ar bhonn Íoc-mar-a-Úsáidtear a fheidhmíonn an scéim, agus tá comhaontas ann go n-áireofar asbhaintí aoisliúntais ó na fostaithe, a chuireann an Institiúid ar taisce, mar fhoinsé amháin dá cistiú.

Chomh maith leis sin, déanann an Institiúid an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (“An Scéim Aonair”) a fheidhmiú gurb í an scéim shochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí ar ceapadh iad ar an 1 Eanáir 2012 nó ina dhiaidh ar aon dul leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a íocann an Institiúid ranníocaíochtaí de chuid bhaill na Scéime Aonair.

Léirítear leis na sochair phinsin atá tuairiscithe mar chaiteachas sa bhliain na sochair atá tuillte ag na fostaithe reatha le linn na bliana agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin fostaithe ar a gcoimeádtar na cinn dóibh a bhaineann le Scéim Aoisliúntais Earnáil an Oideachais 2015 san Institiúid agus ar a dtarchuirtear na cinn a bhaineann leis an Scéim Singil ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aithnítear suim atá cothrom leis an gcostas pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid a aisghabhann an Institiúid ón an tÚdarás um Ard-Oideachas.

Léirítear sna ráitis airgeadais shócmhainní agus dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin na hInstitiúide, maidir lena baill foirne, agus aon mhaoiniúchán gaolmhar eile, ar luach cóir. Tuairiscítear na costais a fhabhraítear chun sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta ina dtuilleann na fostaithe iad. Ní áirítear dliteanais phinsin i leith iarfhostaithe atá ag fáil pinsin toisc go ndéantar íocaíochtaí pinsin a ghearradh ar chuntas leithghabhála na Roinne Oideachais agus Scileanna. Léirítear an laghdú ar dhliteanas a eascraíonn as baill ag dul ar scor i rith na bliana mar ghnóthachan ó thaithí.

ar leanúint....

# INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHÁ AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASÁ, 2018

## 1. BEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA (ar leanúint)

Is ar bhonn cuntasáiochta a dhéantar dliteanais sochair scoir a thomhas de réir mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

### ii) Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana i bhfigiúr na bhfabhruithe sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

### (f) Airgeadraí Coigríche

Aistrítear idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí coigríche isteach in Euro agus cuirtear iad i gcuntas ar na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí coigríche isteach in Euro ar na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dáta dheireadh na bliana.

### (g) Léasanna

Gearrtar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh théarma an léasa, fiú mura ndéantar na híocaíochtaí ar an mbonn sin. Ar an gcuma chéanna, leatar sochair a fhaightear agus atá infhaighte mar dhreasacht chun léas oibriúcháin a shíniú, ar bhonn líne dhíreach thar théarma an léasa.

### (h) Deontais Chaipitiúla Stáit Iarchurtha

Is éard a chuimsítear le Deontais Chaipitiúla Stáit Iarchurtha ná an luach gan amúchadh i gcistí carntha atá leithdháilte le maoin, gléasra agus trealamh.

